V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10973 — VODAFONE GROUP / ALTICE LUXEMBOURG / FIBRECO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 41/08)

1. An 25 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vodafone Group Plc ("Vodafone", an Ríocht Aontaithe)

— Altice Luxembourg S.A. ("Altice", Lucsamburg), atá faoi rialú Patrick Drahi

Bunóidh agus oibreoidh Vodafone agus Altice comhfhiontar ("FibreCo", an Ghearmáin) ina bhfaighidh siad rialú comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Vodaphone cuideachta sealbhaíochta grúpa a bhfuil baint aige go príomha le líonraí teileachumarsáide móibílí a oibriú agus le seirbhísí teileachumarsáide móibílí a sholáthar, amhail seirbhísí gutha, teachtaireachta agus sonraí i ndeich mBallstát laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Ghearmáin;

— Is grúpa cóineasaithe ilnáisiúnta é Altice a bhfuil speisialtóireacht aige ar an teileachumarsáid, ar ábhar, ar na meáin, ar shiamsaíocht agus ar fhógraíocht agus a nascann custaiméirí trí líonra snáthoptaice agus trí leathanbhanda móibíleach;

— Beidh FiberCo gníomhach sa Ghearmáin sna réimsí a leanas (i) leathadh amach agus oibriú líonraí teileachumarsáide snáthoptaice (atá dírithe go príomha ar an limistéar geografach céanna (i.e. uirbeach den chuid is mó) le líonra cáblaí comhaiseacha Vodafone), agus (ii) rochtain mhórdhíola a thairiscint ar bhonn rochtain oscailte agus neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar líonraí snáthoptaice den sórt sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10973 — VODAFONE GROUP / ALTICE LUXEMBOURG / FIBRECO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.